2025/1859

2.10.2025

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 121/2025**

**an 13 Meitheamh 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/1859]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3166 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 mar bhreiseán beathaithe a athnuachan le haghaidh turcaithe lena ramhrú, turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin, bainbh scoite, Suidae scoite seachas *Sus scrofa domesticus*, agus cránacha, maidir lena húdarú haghaidh muca lena ramhrú de gach speiceas Suidae, bainbh dhiúil de gach speiceas Suidae agus cránacha de gach mionspeiceas Suidae (sealbhóir an údaraithe: Kemin Europa N.V.), agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/366 agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013, (AE) Uimh. 787/2013 agus (AE) 2017/2276 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3162 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le húdarú crágaigh tirisín fheirigh mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, gach speicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga, agus turcaithe agus mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaraithe: Akeso Biomedical, Inc. SAM, atá á ionadú san Aontas ag Pen & Tec Consulting SLU) ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3167 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le hullmhóid chianacóbalaimín (vitimín $B_{12}$) arna táirgeadh le *Ensifer adhaerens* CGMCC 19596 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3168 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le hullmhóid arb é atá inti sinc-L-seiléineimeitiainín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhithe ([4]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3166, aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013 ([5]), (AE) Uimh. 787/2013 ([6]) agus (AE) Uimh. 2017/2276 ([7]) ón gCoimisiún, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(6) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

([1]) IO L, 2024/3166, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3166/oj.
([2]) IO L, 2024/3162, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3162/oj.
([3]) IO L, 2024/3167, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3167/oj.
([4]) IO L, 2024/3168, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3168/oj.
([5]) IO L 91, 3.4.2013, lch. 5.
([6]) IO L 220, 17.8.2013, lch. 15.
([7]) IO L 326, 9.12.2017, lch. 50.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE, leasaítear í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 485 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/366 ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32024 R 3166**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3166 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 (IO L, 2024/3166, 19.12.2024).'

2. Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 618 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2414 ón gCoimisiún):

   '619. **32024 R 3166**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3166 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 mar bhreiseán beathaithe a athnuachan le haghaidh turcaithe lena ramhrú, turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin, bainbh scoite, Suidae scoite seachas *Sus scrofa domesticus*, agus cránacha, maidir lena húdarú haghaidh muca lena ramhrú de gach speiceas Suidae, bainbh dhiúil de gach speiceas Suidae agus cránacha de gach mionspeiceas Suidae (sealbhóir an údaraithe: Kemin Europa N.V.), agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/366 agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013, (AE) Uimh. 787/2013 agus (AE) 2017/2276 (IO L, 2024/3166, 19.12.2024).

   620. **32024 R 3162**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3162 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le húdarú crágaigh tirisín fheirigh mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, gach speicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga, agus turcaithe agus mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaraithe: Akeso Biomedical, Inc. SAM, atá á ionadú san Aontas ag Pen & Tec Consulting SLU) (IO L, 2024/3162, 19.12.2024).

   621. **32024 R 3167**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3167 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le hullmhóid chianacóbalaimín (vitimín $B_{12}$) arna táirgeadh le *Ensifer adhaerens* CGMCC 19596 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L, 2024/3167, 19.12.2024).

   622. **32024 R 3168**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2024/3168 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti sinc-L-seiléineimeitiainín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhithe (IO L, 2024/3168, 19.12.2024).'

3. Scriostar téacs phointí 80 (Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013 ón gCoimisiún), 99 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013 ón gCoimisiún) agus 234 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276 ón gCoimisiún).

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3166, (AE) 2024/3162, (AE) 2024/3167 agus (AE) 2024/3168 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN